



An Bhruiséil, 23 Eanáir 2019
(OR. en)

5627/19

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2018/0216(COD)
2018/0217(COD)

AGRI 31
AGRILEG 13
AGRIFIN 3
AGRISTR 2
AGRIORG 4
CODEC 155
CADREFIN 33

NÓTA

ó: An Uachtaránacht

chuig: An Chomhairle

Uimh. an doic. ón 9645/18 + COR 1 + ADD 1

gCoim.: 9634/18 + COR 1 + ADD 1

Ábhar: An pacáiste um athchóiriú CBT i ndiaidh 2020 (an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT agus an Rialachán Cothrománach)
- Nóta cúlra ón Uachtaránacht

Mar ullmhúchán do chruinniú na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 28 Eanáir 2019, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta faoin gcúlra ón Uachtaránacht mar threoir do dhíospóireacht na n-airí.

1. Ar an 1 Meitheamh 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún pacáiste de thrí thogra reachtacha maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) don tréimhse 2021-2027. As na tograí sin, tá idirnáise láidre idir an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT agus an Rialachán maidir le maoiniú, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar CBT (dá ngairtear anseo feasta "an Rialachán Cothrománach"), go háirithe maidir le gnéithe feidhmíochta "shamhail nua seachadta" CBT amach anseo.
2. Scrúdaíodh na tograí thuasluaite sna Meithleacha comhfhreagracha, i.e. an Mheitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta (Athchóiriú CBT) i gcás an Rialacháin maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT agus an Mheitheal um Cheisteanna Talmhaíochta Airgeadais i gcás an Rialacháin Chothrománaigh. Scrúdaigh an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht an dá Rialachán freisin ar roinnt ócáidí éagsúla agus scrúdaigh an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh iad ag na cruinnithe ar fad a bhí aici ó Mheitheamh go Nollaig 2018.
3. Faoi Uachtaránacht na hOstaire, cuireadh críoch le céadléamh ó thús go deireadh na dtograí sna Meithleacha, agus cuireadh "Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn" faoi bhráid na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ina leith i mí na Nollag 2018 (15027/18). Tagraíodh sa tuarascáil sin do na moltaí dréachtaithe a rinne an Uachtaránacht don dá Rialachán, ar mheas na toscaireachtaí iad a bheith ina dtúsphointe luachmhar don obair a bhí le déanamh.
4. Ón tús, bhí an "**tsamhail nua seachadta**" ina díol díospóireachta, go háirithe i ndáil leis an ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith i gceist léi, an riosca go mbeadh ceartúcháin airgeadais i gceist agus leibhéal iomchuí na coimhdeachta i gcur chun feidhme an bheartais. Chun a áirithiú go n-athrófar chuig cur chuige feidhmíocht bhunaithe, tá sé á mholadh ag an gCoimisiún go mbunóidh na Ballstáit garspriocanna bliantúla ina gcuid pleananna straitéiseacha do CBT agus go dtuairisceoidh siad i ndáil lena mbainfí amach gach bliain faoin 15 Feabhra i dtuarascáil bhliantúil feidhmíochta ina dtabharfaí idir shonraí airgeadais agus fhaisnéis i ndáil leis an bhfeidhmíocht. Dá n-imeodh na luachanna a thuairisceofaí do cheann amháin nó níos mó de na táscairí do na torthaí ó luachanna na ngarspriocanna comhfhreagracha le níos mó ná corrlach áirithe lamháitais, d'fhéadfadh an Coimisiún a iarraidh ar na Ballstáit plean gníomhaíochta a thíolacadh a bheadh ina ghníomhaíocht feabhais.

5. An corrlach lamháltais 25% a mhol an Coimisiún, shíl roinnt toscaireachtaí é a bheith róshriantach. Ina theannta sin, bhíothas den tuairim go bhféadfadh na garspriocanna bliantúla a bheith ina bhfoinse deacrachtaí do na Ballstáit ó thaobh iad a shocrú (go háirithe maidir le bearta i gColún II atá ainmhíbhunaithe/nach bhfuil bunaithe ar limistéir) agus freisin ó thaobh faireachán a dhéanamh orthu (mar gheall ar an ualach riaracháin a bheadh i gceist agus na diallais mhóra a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás bearta, infheistíochtaí, mar shampla). I ndáil leis an méid sin, scrúdaigh idir Uachtaránacht na hOstaire agus Uachtaránacht na Rómáine roinnt roghanna, lena n-áirítear garspriocanna débhlíantúla, corrlach lamháltais níos airde (35%) agus cur chuige "forásach" lena mbeadh corrlach lamháltais níos airde sna céad bhlianta den chur chun feidhme. Mheas roinnt mhaith toscaireachtaí go raibh deacrachtaí ann le spriocdháta an 15 Feabhra don chéad tuarascáil bhliantúil feidhmíochta, i ngeall ar an méid faisnéise a bheadh le soláthar, ní hamháin maidir le caiteachas, ach freisin maidir le feidhmíocht na bliana airgeadais roimhe sin (dar críoch an 15 Deireadh Fómhair).
6. Ag CST an 21 Eanáir 2019, d'athdhearbhaigh na toscaireachtaí a réidhe a bhí siad glacadh leis an mbéim ar fheidhmíocht ach leag siad béim ar a riachtanaí a bhí sé go n-úsáidfí samhail a oireann do riachtanais na mBallstát. Chomhaontaigh siad ar an mórgóir gur gá an corrlach lamháltais a mhol an Coimisiún a mhéadú agus d'athdhearbhaigh gur cúis imní dóibh na garspriocanna bliantúla i gcás cineálacha áirithe idirghabhálacha. Tacaíodh le roghanna éagsúla, mar shampla go seiceálfaí baint amach na ngarspriocanna gach ré bliain (nó gan ach dhá uair le linn chur chun feidhme an bheartais) nó nach socrófaí garspriocanna ar chor ar bith do na chéad bhlianta. Bhí amhras ann freisin go bhféadfaí an tuarascáil bhliantúil feidhmíochta a thíolacadh faoi sprioc an 15 Feabhra. D'iarr na toscaireachtaí go gcuirfí an spriocdháta siar, sin nó nach n-áireofaí sa tuarascáil ach faisnéis bhunúsach, go háirithe maidir le sonraí airgeadais, agus go mbeadh deis ag na Ballstáit tuilleadh faisnéise a chur ar fáil maidir le feidhmíocht ag céim níos déanaí.

Ceist 1:

Mar bheartas poiblí, bhí an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) bunaithe ar chritéir na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta ón tús. Ba é a bheartaigh an Coimisiún na critéir sin a chothú a thuilleadh trí "shamhail nua seachadta" a úsáid, atá dírithe ar fheidhmíocht, agus d'aontaigh na Ballstáit leis sin i bprionsabal. Gné thábhachtach sa chreat nua seo is ea spriocdháta an 15 Feabhra, faoina mbeadh ar na Ballstáit an fhaisnéis bhunriachtanach a chur isteach i dtuarascáil bhliantúil feidhmíochta chun an nasc a áirithiú idir cistí an Aontais agus na spriocanna feidhmíochta a bheith á mbaint amach.

- Ós rud é gur dócha gur teoranta na torthaí a bheadh ann i gcéad dá bhliain an chur chun feidhme, an gceapann tú go bhféadfaí cur chuige forásach a úsáid lena gceadófaí go n-imeofaí méid áirithe ón na spriocanna agus go ndéanfaí sin a laghdú ina dhiaidh sin don [25%] atá á mholadh ag an gCoimisiún, chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí sa chur chun feidhme?
- I do thuairimse, cén cineál faisnéise ba cheart a chur ar fáil go héigeantach faoin 15 Feabhra chun an chuntasacht agus dearbhú a ráthú?

7. I ndáil leis an Rialachán Cothrománach táthar ag moladh go mbunófaí **cúlchiste talmhaíochta** don tréimhse 2021-2027, a chuirfí in ionad an cúlchiste géarchéime atá sa Rialachán Choithrománach faoi láthair. Molann an Coimisiún go ndéanfaí na méideanna nár úsáideadh ón gcúlchiste géarchéime atá ann faoi láthair a thabhairt ar aghaidh ó 2020 chun an cúlchiste talmhaíochta a bhunú in 2021 (EUR 400 milliún ar a laghad), ar mhaithe le simpliú agus chun cleachtadh smachta airgeadais ag tús na tréimhse nua a sheachaint.
8. Anois áfach, tá sásra seo socraithe an cúlchiste i gcoilár na díospóireachta. Aontaíonn roinnt de na toscaireachtaí lena bhfuil sa togra ón gCoimisiún, ach tá toscaireachtaí eile a shíleann gur cheart na méideanna nár úsáideadh ó 2020 a thabhairt ar ais do na feirmeoirí, i gcomhréir leis na rialacha atá ann faoi láthair. Dhéanfaí an cúlchiste talmhaíochta nua don tréimhse 2021-2027 a mhaoiniú trí ioncam sannta nó ioncam CERT eile a bheadh ar fáil. Ag CST an 21 Eanáir 2019, bhí éagsúlacht tuairimí á léiriú ag na toscaireachtaí éagsúla, agus leath acu ag tacú le gach ceann den dá rogha faoi seach. Bhíothas ar aon fhocal áfach nár cheart an smacht airgeadais a úsáid sa tréimhse 2021-2027 chun an cúlchiste talmhaíochta a mhaoiniú ach amháin dá mba gá leis sin amach is amach.

9. Measann an Coimisiún nach n-úsáidfear an smacht airgeadais i leagan nua CBT ach amháin más gá, i.e., i ndálaí eisceachtúla nach mbeadh aon acmhainní buiséadacha eile nó a dhóthain acmhainní buiséadacha eile ar fáil. Ina theannta sin, tá cúiseanna a bhaineann le simpliú ann, ar dá mbarr a chuir an Coimisiún deireadh le foráil reatha an Rialacháin maidir le hÍocaíochtaí Díreacha, .i. nár cheart go mbeadh feidhm ag an ráta coigeartaithe ach amháin maidir le hÍocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí *ar mó iad ná EUR 2000*. Mar sin féin, is mian le roinnt Ballstát an tairseach EUR 2000 a choinneáil sa reachtaíocht nua d'fhonn feirmeoirí beaga go háirithe a dhíolmhú ón smacht airgeadais, cé, dar leis an gCoimisiún, go bhfuil sé de shaoirse ag na Ballstáit tairseach mar sin a shocrú iad féin más mian leo.

Ceist 2:

Faoi láthair, na príomhghnéithe a bhaineann leis an gcúlchiste talmhaíochta agus an smacht airgeadais, is cuid de Bhosca Caibidlíochta CAI iad. Measann an Uachtaránacht gur cheart an sásra nua chun cistí a thabhairt anonn, agus athlíonadh an chúlchiste talmhaíochta a phlé ag leibhéal na n-airí talmhaíochta, i bhfianaise a thábhachtaí atá an t-ábhar seo do CBT amach anseo. Dá bhrí sin, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí aghaidh a thabhairt ar na gnéithe seo a leanas ina gcuid plé:

- An aontaíonn tú leis an moladh go mbeadh sásra ann trína dtabharfaí méideanna nár úsáideadh sa bhliain 2020 anonn do na blianta ina dhiaidh sin chun an cúlchiste talmhaíochta a bhunú in 2021?
- Ar cheart na méideanna nár úsáideadh sa chúlchiste ón mbliain 2020 a aisíoc leis na tairbhíthe?
- An measann tú gur cheart tairseach an EUR 2000 a choinneáil do chur i bhfeidhm an smachta airgeadais?